



An Bhruiséil, 13 Feabhra 2017
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0379 (COD)
2016/0380 (COD)
2016/0377 (COD)
2016/0378 (COD)
2016/0382 (COD)
2016/0376 (COD)
2016/0381 (COD)
2016/0375 (COD)

5800/1/17
REV 1

ENER 24
CLIMA 13
CONSOM 28
TRANS 35
AGRI 51
IND 20
ENV 88
COMPET 84
FISC 39
ECOFIN 81
RECH 37
IA 23
CODEC 129

NÓTA

ó: An Uachtaránacht

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón gCoim.: 15135/16 ENER 418 ENV 758 CLIMA 169 COMPET 637 CONSOM 301
FISC 221 IA 131 CODEC 1809
+ ADD 1 – 2
15150/16 ENER 420 ENV 760 CLIMA 171 COMPET 640 CONSOM 302
FISC 222 IA 133 CODEC 1816
+ ADD 1
15151/16 ENER 421 IA 136 CODEC 1817
+ ADD 1
15149/16 ENER 419 IA 134 CODEC 1815
+ ADD 1
15120/16 ENER 417 CLIMA 168 CONSOM 298 TRANS 479 AGRI 650
IND 261 ENV 757 IA 130 CODEC 1802
15091/16 ENER 413 ENV 754 TRANS 473 ECOFIN 1149 RECH 340
IA 124 CODEC 1789
+ ADD 1
15108/16 ENER 416 ENV 756 TRANS 477 ECOFIN 1152 RECH 341
IA 125 CODEC 1797
+ ADD 1
15090/16 ENER 412 CLIMA 167 IA 123 CODEC 1788
+ADD 1

Ábhar: An pacáiste fuinnimh ghlain (**an chéad léamh**)

- a) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an margadh inmheánach leictreachais (athmhúnlú)
 - b) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhriallacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas (athmhúnlú)
 - c) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais
 - d) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)
 - e) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú)
 - f) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh
 - g) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh
 - h) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, lena leasaítear Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Rialachán (CE) Uimh. 663/2009, Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2009/119/CE ón gComhairle, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, Treoir 2013/30/AE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013
- Malartú tuairimí
-

I. Cur síos ar na tograí reachtacha

Ar an 30 Samhain 2016, ghlac an Coimisiún an pacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach'. Tá an pacáiste sin, ina bhfuil ocht gcinn de thograí reachtacha, ar an gceann is mó ó thaobh raon feidhme agus méid dár thíolaic an Coimisiún riamh i réimse an fhuinnimh. Tá os cionn 3 500 leathanach sa phacáiste, an teachtaireacht, na measúnuithe tionchair agus doiciméid tacaíochta eile san áireamh. Is éard is aidhm leis córas fuinnimh an aontais fuinnimh a athrú ó bhonn i dtreo geilleagar ísealcharbóin don bhliain 2030 agus níos faide anonn agus, san am céanna, na buntáistí a ghabhann leis a réadú a mhéid a bhaineann le poist, tomhaltóirí, fás eacnamaíoch, nuálaíocht agus iomaíochas. Saothraítear trí cinn de phríomhaidhmeanna leis an bpacáiste: tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh; ceannaireacht dhomhanda a bhaint amach i gcúrsaí fuinnimh in-athnuaite; agus cothrom na Féinne a thabhairt do thomhaltóirí.

Cuireadh an pacáiste ina iomláine i láthair ag an gcrúinniú a bhí ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar an 5 Nollaig 2016. Ba i mí Eanáir agus go luath i mí na Feabhra 2017 a cuireadh i gcrích an chéad chur i láthair mionsonraithe ar na hocht dtogra sa Mheitheal um Fhuinneamh. Tá dlúthnasc idir tionscnaimh an phacáiste mar a mhol an Coimisiún iad; ar an gcúis sin, cuireadh tús cheana féin leis an scrúdú éigeantach ar na measúnuithe tionchair ar na hocht dtogra. Ag an gcéim luath seo sna scrúduithe, tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe fós ag an gcuid is mó de na toscaireachtaí maidir leis na tograí go léir.

I gcomhréir le tosaíochtaí Uachtaránacht Mhálta, cuireadh tús leis an mionscrúdú ar an dá thogra maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta le linn a téarma, más féidir.

Leagtar amach thíos príomhghnéithe na dtograí reachtacha.

Dearadh mhargadh an leictreachais

Tá ráite arís agus arís eile ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa araon gur le margadh fuinnimh comhtháite dea-fheidhmiúil is fearr a áiritheofar go mbeidh costas an fhuinnimh inacmhainne, a áiritheofar soláthar an fhuinnimh agus a bheifear in ann toirteanna níos mó den leictreachas a chomhtháthú agus as foinsí in-athnuaite ar bhealach costéifeachtúil. Is den riachtanas praghsanna iomaíocha don fhás agus do leas na dtomhaltóirí san Aontas Eorpach, rud a fhágann go bhfuil sin ina gcroíchuid de bheartas fuinnimh an Aontais.

Tá dearadh an mhargaidh leictreachais atá ann faoi láthair bunaithe ar rialacha an 'Tríú Pacáiste Fuinnimh', lena ndearnadh dul chun cinn nithiúil do thomhaltóirí agus lenar cuireadh feabhas ar an seasamh atá acu sna margaí fuinnimh. A bhuí freisin leis an bpacáiste, tá níos mó leachtachta i margaí an leictreachais san Eoraip agus is léir go bhfuil méadú tagtha ar an trádáil trasteorann.

I ngeall ar fhorbairtí nua, ámh, tá athruithe bunúsacha tagtha ar mhargaí an leictreachais san Eoraip. Tá ardú géar tagtha ar sciar an leictreachais a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (RES-E) agus tá fuinneamh in-athnuaite níos iomaíche ó thaobh costais anois. Leanfar den chlaonadh seo i dtreo RES-E mar go bhfuil sin ar cheann de na príomhcheanglais nach mór a chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí an Aontais de bhun Chomhaontú Pháras maidir leis an aeráid. Feicfear i margadh an leictreachais a bheidh ann amach anseo táirgeadh níos athraithe agus níos díláraithe leictreachais, méadú ar idirspiléachas na mBallstát ar a chéile, agus deiseanna nua teicneolaíochta a cheadóidh do thomhaltóirí a gcuid billí a laghdú agus páirt ghníomhach a imirt i margaí an leictreachais trí fhreagairt don éileamh, tríd an bhféintomhaltas agus trí bhíthin stórála.

I bhfianaise an méid thuas, chuir an Coimisiún i láthair i mí na Samhna 2016 na tograí maidir le hathmhúnlú ar an Treoir maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas, an Rialachán maidir leis an margadh sa leictreachas, agus an Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER). Ina theannta sin, cuireadh i láthair togra le haghaidh Rialachán nua maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais.

Is éard is aidhm leis an reachtaíocht a bheartaítear na rialacha reatha margaidh a thabhairt chun oiriúna le fíor-staid an mhargaidh trí bhíthin solúbthacht mhéadaithe, trí leictreachas a ligean gan bhac faoi chomharthaí neamhsaofa praghais agus, san am céanna, tomhaltóirí a chumasú, an leas is mó a thabhairt don tsochaí as an gcomhordú trasteorann, agus na comharthaí agus na dreasachtaí cearta a chur ar fáil le go spreagfar an infheistíocht is gá chun gur lú carbóin a bheidh i gcóras fuinnimh na hEorpa agus chun é a dhéanamh níos iomaíche. Tabharfar tús áite inti freisin do réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, agus beidh sí ina rannchuidiú chun sprioc an Aontais a bhaint amach maidir le poist agus fás a chruthú agus maidir le hinfeistíochtaí a mhealladh.

Is éard is aidhm leis na rialacha a bheartaítear maidir le dearadh mhargadh an leictreachais cothroime iomaíochta a bhunú do na hacmhainní go léir agus foinsí in-athnuaite a chomhtháthú sa mhargadh agus, san am céanna, na margaí gearrthéarmacha a neartú d'fhonn na deiseanna is mó is féidir a thabhairt le go bhfeidhmeoidh acmhainní in-athnuaite athraitheacha nach bhfuil chomh intuartha céanna ar bhealach cost-éifeachtach i gcomhthéacs margaidh trí iad a thabhairt níos gaire do dhálaí fíor-ama agus trí na margaí cothromúcháin a fheabhsú. Lena chois sin, d'fhonn na hinfeistíochtaí is gá a mhealladh i margadh an leictreachais, féachtar, leis an reachtaíocht a bheartaítear, le comharthaí praghais a fheabhsú, mar shampla trí uasteorainneacha praghais a bhaint chun a áirithiú gur léiriú iad praghanna ar fhíorluach an leictreachais in amanna móréilimh agus tríd an gcreat rialála atá ann faoi láthair a atreisiú chun a áirithiú go bhféadfaidh comharthaí praghais suíomh geografach infheistíochtaí nua agus cinntí maidir le táirgeadh a spreagadh (e.g. trí limistéir phraghais a bheith á n-ailíniú le plódú struchtúrach san eangach tarchuir).

D'fhonn córas an leictreachais a dhéanamh níos solúbtha, tá sé mar aidhm leis na rialacha a bheartaítear, go bhféadfadh an fhreagairt don éileamh páirt iomlán a ghlacadh sa mhargadh, lena n-áirítear trí rochtain ar chonradh le haghaidh praghas dinimiciúil leictreachais agus ar mhéadar cliste a fheistítear le feidhmiúlachtaí íosta a thabhairt don uile thomhaltóir. Ina theannta sin, leis na rialacha a bheartaítear, dhreasófaí oibreoirí córas dáileacháin le héifeachtúlacht a n-oibriúcháin a fheabhsú i gcomhthéacs ina mbeadh giniúint as foinsí in-athnuaite níos athraithí ann agus, san am céanna, an ról atá acu mar éascaitheoirí neodracha margaidh a choimirciú.

Agus é á chur san áireamh a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí cuí a áirithiú i margadh an leictreachais agus feabhas a chur ar chumas na margáí na hinfeistíochtaí sin a chur ar fáil trí bhíthin na n-athchóirithe a bheartaítear, ba cheart coinníollacha agus bearta áirithe a leanúint agus na sásraí acmhainneachta á dtabhairt isteach, ar coinníollacha agus bearta iad a mholtar le go ndéanfar ailíniú níos fearr ar na sásraí acmhainneachta sin idir na Ballstáit d'fhonn iarmhairtí diúltacha ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint. Beidh na sásraí acmhainneachta bunaithe ar mheasúnú ar leordhóthanacht acmhainní agus ba cheart rannpháirtíocht éifeachtach trasteorann a cheadú leo.

Ina theannta sin, agus d'fhonn feabhas a chur ar riosca-ullmhacht chóras leictreachais an Aontais, foráiltear do mheasúnú níos córasaí a dhéanamh ar rioscaí, bunaithe ar mhodhanna comhchoiteanna a bheidh le cur i gcrích i gcomhthéacs trasteorann. Bheadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit pleananna riosca-ullmhachta a tharraingt suas ina mbeadh dhá chuid; cuid amháin, ina léireofaí bearta náisiúnta, agus an dara cuid, ina leagfaí amach bearta a dtiocfadh na Ballstáit ar chomhaontú maidir leo roimh ré agus i gcomhthéacs réigiúnach, lena n-áireofaí 'tástálacha struis' réigiúnacha, nósanna imeachta maidir le comhar i gcásanna éagsúla géarchéime agus comhaontú maidir leis an gcaoi le déileáil le cásanna comhuaineacha géarchéime leictreachais.

D'fhonn an t-iomaíochas a fheabhsú i margadh an leictreachais mhiondíola, féachtar, leis an reachtaíocht a bheartaítear, le deireadh a chur, de réir a chéile, le bratrialáil praghsanna agus féachtar, san am céanna, le rialáil idirthréimhseach praghsanna a cheadú i gcás tomhaltóirí leochaileacha. D'fhonn cur le rannpháirtíocht na dtomhaltóirí, cuirfear teorainn le húsáid táillí scortha conartha agus treiseofar na rialacha maidir le méadair chliste a rolladh amach. Cothófar muinín na dtomhaltóirí as suíomhanna gréasáin comparáide agus molfar prionsabail chun a áirithiú go bhfuil billí fuinnimh soiléir agus éasca le tuiscint. Ar deireadh, ionas go bhféadfaidh iontrálaithe nua agus cuideachtaí a chuireann seirbhísí fuinnimh ar fáil seirbhísí nua a fhorbairt, áiritheofar go mbeidh rochtain neamh-idirdhealaitheach ar shonraí tomhaltóirí ann.

Fuinneamh in-athnuaite

Is éard is aidhm leis an togra athbhreithniú a dhéanamh ar chuid de Threoir 2009/28/CE maidir le foinsí in-athnuaite. Moltar ann go mbeadh sprioc ceangailteach ar leibhéal an Aontais ann gur fuinneamh in-athnuaite a bheadh i 27 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh san Aontas in 2030, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Tugtar aghaidh sa togra ar scéimeanna tacaíochta, féin-táirgeadh agus tomhaltas fuinnimh in-athnuaite, comhar réigiúnach, ráthaíochtaí maidir le tionscnamh, nósanna imeachta riaracháin, faisnéis agus oiliúint, agus critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcás bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. Tá sé dírithe ar thrí earnáil úsáide deiridh: leictreachas ('RES-E'), téamh agus fuarú ('RES-H&C') agus iompar ('RES-T').

Déantar cur síos thíos ar na príomhghnéithe nua atá sa togra.

Ba cheart do na Ballstáit a rannchuidiú náisiúnta a shocrú de réir sprioc foriomlán ceangailteach an Aontais do 2030, agus a sprioc ceangailteach náisiúnta do 2020 á úsáid mar an bunleibhéal acu, faoi mar a leagtar amach i dTreoir 2009/28/CE maidir le fuinneamh in-athnuaite. Áirítear sa togra prionsabail ghinearálta ar cheart do na Ballstáit iad a leanúint agus scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad cobhsaí agus go mbeidh foinsí in-athnuaite ag freagairt don mhargadh. Bheadh i gceist leis sin, go háirithe, clásal neamh-aisghníomhaíochta, cur chuige atá margadh-bhunaithe, cinnteacht infheisteoirí trí phleananna trí bliana a bheith ag na Ballstáit, agus cuid de na scéimeanna tacaíochta (10-15 %) a oscailt do ghineadóirí atá suite i mBallstáit eile, agus é mar aidhm na costais a bhaineann le feidhm a bhaint as foinsí in-athnuaite a íslíú agus réitigh réigiúnacha a spreagadh.

Ba cheart do na Ballstáit 'ionad ilfhreastail' a bhunú, a dhéanfaidh comhordú ar an bpróiseas deonaithe ceada ina iomláine d'iaratasóirí atá ag iarraidh gléasraí fuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar tarchuir agus dáileacháin lena mbaineann a thógáil/a oibriú. Níor cheart an próiseas deonaithe ceada a bheith níos faide ná tréimhse trí bliana, agus ba cheart gur leor fógra simplí i gcás suiteálacha faoi bhun 50 kW; i gcás 'athchumhachtú' suiteálacha atá ann cheana féin, ba cheart go mairfeadh an próiseas deonaithe ceada bliain amháin ar a mhéad, agus foráiltear d'fhógra simplithe chomh maith. Lena chois sin, bunaítear leis an togra roinnt caighdeán íosta maidir le cearta féin-táirgeoirí (mionscála) fuinnimh in-athnuaite, féin-tomhaltóirí agus pobal fuinnimh in-athnuaite. Áirítear sa togra freisin oibleagáid ar na Ballstáit an bealach a réiteach, ó thaobh riaracháin de, le conarthaí ceannaithe fuinnimh a bhunú.

A mhéid a bhaineann le téamh agus fuarú, tugann an togra roghanna do na Ballstáit a sciar d'fhuinneamh in-athnuaite sa soláthar téimh agus fuaraithe a mhéadú (trí iarracht a dhéanamh úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú sa soláthar téimh agus fuaraithe de 1 phointe céatadáin in aghaidh na bliana), agus bunaítear cearta neamh-idirdheallaitheacha rochtana ar chórais téimh agus fuaraithe ceantair do tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite. Le haghaidh iompair, tugann an togra isteach oibleagáid ar sholáthraithe Eorpacha breosla iompair sciar méadaitheach breoslaí ardleibhéil, in-athnuaite agus ísealcharbóin a sholáthar don mhargadh (bithbhreoslaí, bithghás, leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite agus breosla leachtach agus gásach de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch), ó 1.5 % in 2021 go 6.8 % in 2030, ach ag an am céanna, laghdú a dhéanamh ar sciar uasta na mbithbhreoslaí leachtacha a tháirgtear ó bharraí bia nó beatha. Ag an am céanna, ní áirítear sa togra an sprioc cheangailteach reatha do 2020 go mbeadh sciar 10 % d'fhuinneamh in-athnuaite ann in earnáil an iompair. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit bunachair sonraí náisiúnta idirnasctha a bhunú d'fhonn na breoslaí in-athnuaite a úsáidtear sa téamh agus san fhuarú agus san iompar a rianú agus le go bhféadfar na paraiméadair ábhartha a ríomh ina leith sin.

Maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus bithmhais, tugtar isteach critéir nua inbhuanaitheachta do bithmhais foraoise; leathnaítear amach na critéir inbhuanaitheachta chun breoslaí bithmhaise a áireamh; méadaítear na rátaí íosta laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chineálacha éagsúla bithbhreosla; agus foráiltear go gcaithfidh gléasraí mórsála leictreachais bithmhaise teicneolaíocht ardéifeachtúlachta cumhachta agus teasa in éineacht a úsáid.

Tá forálacha maidir leis an 'mbearna' a líonadh idir an rannchuidiú comhiomlánaithe náisiúnta agus an chonair líneach a ghabhfadh ar aghaidh chuig sprioc fhoriomlán 2030 ar leibhéal an Aontais - ceist an "céard é mar sin?" ar áireamh sa togra le haghaidh Rialachán maidir le rialachas an aontais fuinnimh¹. Ar na forálacha sin tá bearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann, arna ndéanamh ag na Ballstáit nó ar leibhéal an Aontais lenar cheart spriocleibhéal an Aontais a bhaint amach.

Bunóidh an Coimisiún creat tacaíochta airgeadais d'fhonn feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as cistí an Aontais ar mhaithe le cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach agus mar dhreasú d'uailmhian na mBallstát ó thaobh an fhuinneamh in-athnuaite a úsáid.

¹ Tabhair ar aird: cf. 15090/16, Airt. 27.

Éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

Bunaithe ar phrionsabal tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh, leis an athbhreithniú ar Threoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, féachtar le cur le cruthú post, fás agus slándáil an tsoláthair, agus cabhrú freisin chun spriocanna dícharbónaithe an Aontais do 2030 a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, féachtar leis na bearta atá á moladh leis an leibhéal céanna éifeachtúlachta fuinnimh a choinneáil a léiríodh go dtí 2020 agus féachtar go mór mór freisin leis an stoc reatha tithíochta atá thar a bheith neamhéifeachtúil a athnuachan.

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 leagtar amach sprioc tháscach de 27 % i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh ar leibhéal an Aontais. Sna conclúidí freisin iarrtar go ndéanfaí athbhreithniú ar an sprioc sin faoi 2020 féachaint an bhféadfaí leibhéal 30 % a bhaint amach. Agus an t-athbhreithniú déanta aige, molann an Coimisiún sprioc cheangailteach 30 % don Aontas anois. Sloinntear an sprioc fhoriomlán mar uasmhéid de 1 321 Mtoe d'fhuinneamh príomha agus 987 Mtoe d'fhuinneamh deiridh arna thomhailt ag an Aontas in 2030, a chaithfidh na Ballstáit a chur san áireamh nuair a bheidh a rannchuidiú táscach náisiúnta á shocrú acu don éifeachtúlacht fuinnimh.

Moltar go ndéanfaí an oibleagáid bhliantúil spárála fuinnimh de 1.5 % a shíneadh go dtí 2030 agus níos faide fós b'fhéidir. Cuirtear scéimeanna oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh ar chomhchéim le bearta malartacha a mbeadh an éifeacht chéanna ag gabháil leo, is é sin le rá, tugtar breis solúbthachta isteach. Leis na rialacha nua, caithfidh na Ballstáit tearcrochtain fuinnimh a chur san áireamh nuair a bheidh na bearta is iomchuí á sainiú acu. Leis an Treoir, soiléirítear freisin na ceanglais maidir le spáráil fuinnimh a ríomh, agus athbhreithnítear na hoibleagáidí i ndáil le méadrú agus billeáil le haghaidh téimh, le go mbeadh billí fuinnimh níos trédhearcaí agus níos dírithe ar an úsáideoir.

Leis an athbhreithniú ar Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, ceanglaítear ar na Ballstáit fis shoiléir a bheith acu ó thaobh dhícharbónú a gcuid foirgneamh faoi 2050 trí straitéis fhadtéarmach athnuachana lena leagtar amach garspriocanna soiléire do 2030. D'fhonn infheistíocht a spreagadh don athnuachan, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sásraí a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh airgeadais agus na bacainní sa mhargadh, agus tá sé tar éis tionscnamh a sheoladh dar theideal airgeadas cliste d'fhoirgnimh chliste. Leis an togra, spreagtar úsáid na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha i bhfoirgnimh trí tháscaire clisteachta a thabhairt isteach, agus féachtar le háirithiú go mbeidh bonneagar iomchuí luchtaithe ar fáil d'fheithiclí leictreacha in gach foirgneamh neamhchónaitheach agus i bhfoirgnimh nua chónaitheacha. Déantar modh ríofa feidhmíochta fuinnimh foirgneamh a athbhreithniú freisin d'fhonn luach ceart a thabhairt don fhuinneamh in-athnuaite agus aghaidh a thabhairt ar an mbearna feidhmíochta idir an t-éileamh ríofa ar fhuinneamh agus an tomhailt iarbhir.

Rialachas

In éagmais spriocanna atá ceangailteach go náisiúnta i ndáil le foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh don tréimhse tar éis 2020 (a chuir Comhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair 2014 as an áireamh) agus i gcomhthéacs Chomhaontú Pháras, déantar sásra comhair agus rialaithe a dhearadh leis an togra ar cheart dó cabhrú lena áirithiú go mbainfí amach ar bhealach comhpháirteach cuspóirí agus spriocanna an aontais fuinnimh, lena n-áirítear go háirithe spriocanna 2030 ar leibhéal an Aontais i ndáil le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, chomh maith le spriocanna an Aontais maidir leis an athrú aeráide, agus gur aonad comhleanúnach, comhordaithe iomlán iad na gníomhaíochtaí leathana atá á gcur chun cinn sna réimsí sin agus i réimsí eile.

Is éard a bheidh sa sásra rialaithe go dtíolacfaidh na Ballstáit pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite lena gcumhdófar a gcuid cuspóirí, beartas agus bearta a bhaineann le gach gné de chúig ghné an aontais fuinnimh (slándáil fuinnimh; an margadh inmheánach fuinnimh; an éifeachtúlacht fuinnimh; an dícharbónú; taighde, nuálaíocht agus iomaíochas), lena n-áirítear spriocanna i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú agus laghdú trí mheán linnte, mar aon le beartais agus bearta a bhfuil nasc acu le Comhaontú Pháras). Bhainfeadh na pleananna sin leis an tréimhse 2021-2030 (agus dhéanfaí iad a athnuachan gach tréimhse 10 mbliana ina dhiaidh sin), lena n-áirítear le peirspictíocht go dtí 2050 agus ina dhiaidh sin, i gcás inarb iomchuí. Bheadh ar na Ballstáit dréachtpleananna a chur isteach faoin 1 Eanáir 2018, pleananna deiridh faoin 1 Eanáir 2019, céad-dréacht de na pleananna nuashonraithe faoin 1 Eanáir 2023 agus pleananna nuashonraithe deiridh faoin 10 Eanáir 2024; dhéanfaí na dréachtpleananna deiridh agus na pleananna nuashonraithe a chur isteach gach 10 mbliana ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an Rialachán tuarascálacha náisiúnta débhlíantúla comhtháite ar dhul chun cinn i ndáil le fuinneamh agus an aeráid a bheadh le tíolacadh ag na Ballstáit don Choimisiún (an chéad cheann le tíolacadh faon 15 Márta 2021) ar bhonn teimpléad tuairiscithe a bheidh le sainiú amach anseo agus úsáid á baint as buntáscairí, chomh maith le tuairisciú bliantúil nuair is gá sin i bhfianaise na ngealltanais idirnáisiúnta. Beidh an cleachtas tuairiscithe sin ag teacht in ionad na n-oibleagáidí tuairiscithe ar fad atá ann faoi láthair geall leis i reachtaíocht fuinnimh agus aeráide an Aontais agus beidh sé níos sruthlínithe. Ina theannta sin, ba cheart leanúint leis na córais fardail, idir náisiúnta agus de chuid an Aontais, chun meastachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar laghdú trí mheán linnte. Ba cheart an tuairisciú sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ardán ríomhthuairiscithe lena gcuirfear leis na próisis tuairiscithe agus na bunachair sonraí atá ann cheana.

Moltar treoirilínte don "próiseas socraithe rannchuidithe" trína ndéanann na Ballstáit a rannchuidiú i ndáil leis na spriocanna do 2030 a shocrú i réimsí an fhuinnimh in-athnuaite agus na héifeachtúlachta fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit réamh-mheastacháin dhifreáilte a chur ar fáil maidir le (a) beartais atá ann cheana agus (b) beartais atá á bpleanáil i ndáil le cúig ghné an aontais fuinnimh go dtí 2040 ar a laghad. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit meastachán a dhéanamh ar thionchar maicreacnamaíoch, comhshaoil, scileanna agus sóisialta na mbeartas agus na mbeart a áirítear sna pleananna comhtháite, chomh maith leis an idirghníomhaíocht idir na beartais a bhaineann leis na cúig ghné, go dtí 2030 ar a laghad, agus comparáid a dhéanamh idir na réamh-mheastacháin do bheartais atá ann cheana agus do bheartais atá á bpleanáil.

Ba cheart próiseas stuchtúraithe, atriallach a bhunú idir an Coimisiún agus na Ballstáit le go leanfaí ar aghaidh chun cuspóirí an aontais fuinnimh a bhain amach le chéile. D'áireofaí leis sin córas trína ndéanfaidh an Coimisiún faireachán, agus dá mba ghá, moltaí a thabhairt ar cheart do na Ballstáit an-aird a thabhairt orthu, i bhfianaise gur spriocanna ceangailteacha iad spriocanna áirithe ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, tá forálacha sa togra i ndáil le comhar réigiúnach agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí náisiúnta. Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cúnaimh a thabhairt don Choimisiún de réir mar is iomchuí.

Má chinneann an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise arna cur isteach ag na Ballstáit, go bhfuil riosca ann nach mbainfear amach cuspóirí an aontais fuinnimh (go háirithe na spriocanna maidir le foinsí in-athnuaite agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh) (ceist an "céard é mar sin"), féadfaidh sé moltaí a eisiúint do na Ballstáit, agus déanfaidh sé bearta breise, de réir mar is iomchuí, ar leibhéal an Aontais.

Le haghaidh foinsí inathnuaite fuinnimh (i gcás ina bhfuil sprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais ann), féadfar a áireamh leis na bearta breise sin oibleagáid a chur ar Bhallstáit mar ghrúpa bearta náisiúnta a ghlacadh, amhail sciar na bhfoinsí in-athnuaite sna hearnálacha téimh agus fuaraithe agus/nó iompair a choigeartú nó ardán maoinithe d'fhoinsí in-athnuaite a mhaoiniú ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh an Coimisiún ardán den sórt sin a bhunú trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh.

Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (i gcás ina mbeartófar sprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais), féadfar a áireamh le bearta den sórt sin ar leibhéal an Aontais bearta breise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh táirgí, foirgneamh agus iompair.

Le haghaidh réimsí na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus na héifeachtúlachta fuinnimh, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú maidir leis na hiarrachtaí a bheith nó gan a bheith leordhóthanach a dhéanamh in 2023, agus bheadh na bearta breise comhfhreagracha le cur chun feidhme faoi 2024.

Dhéanfaí Coiste Aontais Fuinnimh (a thiocfadh in ionad an Choiste reatha um an Athrú Aeráide) a bhunú, mar aon le coistí eile de réir mar is iomchuí agus dhéanfaí an Rialachán a athbhreithniú in 2026.

Tá "forálacha scáthánacha" sa togra maidir le spriocanna agus cuspóirí i ngníomhartha reachtacha éagsúla de chuid an Aontais i réimse an bheartais fuinnimh agus le spriocanna agus cuspóirí i roinnt tograí reachtacha i réimse an bheartais aeráide agus fuinnimh a chuir an Coimisiún i láthair le déanaí². Dá bhrí sin, ní mór comhsheasmhacht a áirithiú le linn an phróisis caibidlíochta ar fad idir na "forálacha scáthánacha" seo sna tograí reachtacha eile ar fad lena mbaineann (féach an fonóta) agus an togra seo i ndáil le rialachas.

² Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le **hastáíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht a chur san áireamh** i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ('LULUCF')
Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le **laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa** ag na Ballstáit idir 2021 agus 2030 ar mhaithe le hAontas Fuinnimh buanseasmhach agus chun gealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ('ESR')
Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid **fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite** a chur chun cinn (athmhúnlú)
Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun **slándáil an tsoláthair** gáis a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010
Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le **héifeachtúlacht fuinnimh**
Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le **feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**
Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le **riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais** agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE

II. MALARTÚ TUAIRIMÍ

Iarrtar ar na hAirí a dtuairimí tosaigh³ a nochtadh i ndáil leis an bpacáiste "Fuinneamh Glan do gach Eorpach", lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- conas is féidir, i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach⁴, dul chun cinn suntasach a dhéanamh agus, i gcás inar féidir é, an pacáiste a sheachadadh roimh dheireadh 2017;
- conas is féidir linn na sineirgí is fearr is féidir a áirithiú, lena n-áirítear sineirgí institiúideacha, sa chur chuige foriomlán;
- conas an leas is fearr a bhaint as an gcomhar réigiúnach chun an t-aistriú a éascú.

³ Nóta: iarrtar ar na toscaireachtaí an méid a bhfuil le rá acu a sheoladh i scríbhinn, ionas go bhféadfaidh na hAirí díriú ar na príomhtheachtaireachtaí.

⁴ cf. 15375/16.